
**An Rialálaí Agraibhia**
Agri-Food Regulator



# An Rialálaí Agraibhia
# Suirbhé Táirgeoirí Príomhúla 2026

*Samhain 2026*

# Ábhar na Tuarascála


**Cuid #1** Achoimre Feidhmiúcháin

**Cuid #2** Cúlra agus Modheolaíocht

**Cuid #3** Próifíl den Sampla

**Cuid #4** Feasacht ar an Rialálaí Agraibhia

**Cuid #5** Idirghníomhú leis an Rialálaí Agraibhia

**Cuid #6** Fócas Leanúnach an Rialálaí Agraibhia

## Cuid #1

# Achoimre Feidhmiúcháin

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

# Achoimre Feidhmiúcháin

1. **Tá feasacht ann cheana féin, ach tá an tuiscint fós teoranta.**
Tá 3 as gach 4 fhreagróir ar an eolas faoin Rialálaí Agraibhia. Léiríonn sé sin go bhfuil feasacht ar an Rialálaí bunaithe go maith anois ar fud an tionscail. Mar sin féin, níl tuiscint mhionsonraithe chomh forbartha céanna ar ról agus ar fhreagrachtaí na heagraíochta ná ar na cineálacha tacaíochta atá ar fáil. Tá deis ann, dá bhrí sin, tuiscint níos fearr ar an eagraíocht a chothú agus teagmháil níos dlúithe a fhorbairt leis na táirgeoirí príomhúla.

2. **Tá na bealaí cumarsáide talmhaíochta a úsáidtear go forleathan fós thar a bheith tábhachtach chun teagmháil a chothú le táirgeoirí príomhúla.**
Is iad na meáin chlóite talmhaíochta, suíomhanna gréasáin speisialaithe talmhaíochta agus eagraíochtaí feirmeoireachta na príomhfhoinsí faisnéise i gcónaí do tháirgeoirí. Tá ról lárnach ag na bealaí cumarsáide earnála seo freisin maidir le feasacht ar an Rialálaí a chothú, agus beidh siad tábhachtach dá bhrí sin i ngníomhaíochtaí cumarsáide agus rannpháirtíochta amach anseo.

3. **Is iad forfheidhmiú agus cosaint soláthraithe na gnéithe is mó a cheanglaíonn daoine leis an Rialálaí.**
Measann táirgeoirí gurb iad cosaint soláthraithe agus forfheidhmiú na gCleachtas Éagóracha Trádála na príomhfhreagrachtaí atá ar an Rialálaí, agus aithníonn thart ar shé as gach deichniúr na freagrachtaí sin. I gcodarsnacht, tá an fheasacht ar an bpróiseas gearán rúnda i bhfad níos ísle i gcónaí (33%). Léiríonn sé seo nach dtuigtear go hiomlán go fóill na tacaíochtaí agus na cosaintí tábhachtacha atá ar fáil.

4. **Tá an úsáid a bhaintear as an suíomh gréasáin fós teoranta d'ainneoin na n-eispéireas dearfach atá ag úsáideoirí.**
Níor thug ach 9% de na táirgeoirí cuairt ar shuíomh gréasáin an Rialálaí Agraibhia. Tá an deis ann, dá bhrí sin, níos mó daoine a chur ar an eolas faoi na hacmhainní ar líne atá ar fáil agus úsáid na n-acmhainní sin a spreagadh. Mar sin féin, tá aiseolas dearfach faighte ó úsáideoirí an deais, agus tuairiscíonn 71% acu go bhfreastalaíonn na huirlisí ar a gcuid riachtanas.

## Cuid #2

# Cúlra agus Modheolaíocht

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

# Cúlra an tSuirbhé

- Is Oifig reachtúil neamhspleách í an Rialálaí Agraibhia a bunaíodh faoin Acht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia, 2023.

- Baineann an Rialálaí Agraibhia le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn sa slabhra soláthair agraibhia. Díríonn a shainchúram reachtúil ar chaidrimh idir gnólachtaí laistigh den slabhra soláthair.

- Rinne an Rialálaí Agraibhia an suirbhé seo chun tuiscint níos fearr a fháil ar an eolas atá ag táirgeoirí príomhúla faoin Rialálaí Agraibhia agus ar an gcaidreamh atá acu leis.

# Modheolaíocht an tSuirbhé

- Bhí an suirbhé ar siúl ón 9 Lúnasa go dtí an 18 Meán Fómhair 2026.
- Chuir an Rialálaí nasc an tsuirbhé ar fáil ar a shuíomh gréasáin, rinne sé poiblíocht ar an suirbhé ar na meáin shóisialta agus sna meáin chlóite, agus scaip sé é trí liostaí seoltaí agus ag imeachtaí ar ar fhreastail ionadaithe uaidh.
- Tá suirbhé bliantúil ar tháirgeoirí príomhúla á dhéanamh ag an Rialálaí ó bunaíodh é.
- Chomhlánaigh 501 táirgeoir príomhúil an suirbhé.

## Cuid #3


# Próifíl den Sampla

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

# Tháinig an líon is mó freagraí ó tháirgeoirí sna hearnálacha mairteola, déiríochta agus caorach

Leanann na hearnálacha mairteola agus déiríochta de bheith ag cuimsiú dhá thrian de na táirgeoirí príomhúla a ghlac páirt sa suirbhé, agus ba í an earnáil caorach a léirigh an fás ba mhó in 2026.

**Earnáil an Táirgeora Phríomhúil - Príomhghníomhaíocht**





C.1 Cé acu de na hearnálacha seo a leanas ina n-oibríonn tú? Má oibríonn tú in níos mó ná earnáil amháin, roghnaigh an earnáil ina bhfuil formhór do chuid oibríochtaí ar bun.
Bonn: Gach táirgeoir príomhúil (n=501)

# Baineann táirgeoirí úsáid as bealaí éagsúla chun nuacht agus faisnéis talmhaíochta a fháil

Baineann táirgeoirí úsáid as 2.4 foinse ar an meán, agus is iad na meáin chlóite feirmeoireachta (58%) agus na meáin shóisialta (51%) na bealaí is mó a úsáidtear.

**Foinsí Nuachta agus Faisnéise Talmhaíochta**




C.12 Cá bhfaigheann tú an chuid is mó de do nuacht agus d'fhaisnéis laethúil faoin talmhaíocht? Roghnaigh na roghanna ar fad a bhaineann leat, le do thoil.
Bonn: Gach táirgeoir príomhúil (n=501)

## Cuid #4


# Feasacht ar an An Rialálaí Agraibhia

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

# Tá an fheasacht ar an Rialálaí ard, ach ní mór tuilleadh a dhéanamh chun tuiscint ar a fheidhmeanna a fheabhsú agus chun teagmháil níos dlúithe a chothú leis na táirgeoirí príomhúla

Tá an Rialálaí Agraibhia cloiste ag trí cheathrú de na táirgeoirí, ach níl ach fíorbheagán eolais ag formhór na ndaoine sin ar ról an Rialálaí, nó níl aon eolas acu air (59%). Ní raibh aon eolas ag duine amháin as gach ceathrar faoin eagraíocht roimh an suirbhé seo.

**Feasacht ar an Rialálaí Agraibhia**





C.2 Cé acu díobh seo a leanas is fearr a chuireann síos ar an eolas atá agat faoin Rialálaí Agraibhia?
Bonn: Gach táirgeoir príomhúil (n=501)

# Is iad na meáin feirmeoireachta agus na heagraíochtaí feirmeoireachta na príomhfhoinsí feasachta

Is ó na meáin chlóite feirmeoireachta (39%) agus ó eagraíochtaí feirmeoireachta (35%) a fhaigheann formhór na dtáirgeoirí eolas faoin Rialálaí Agraibhia. Tá na foinsí sin i bhfad níos tábhachtaí ná foinsí eile ar nós ceannaitheoirí, baill teaghlaigh agus cairde.

**Foinsí Feasachta ar an Rialálaí Agraibhia**





C.3 Cá háit ar chuala tú trácht ar an Rialálaí Agraibhia roimhe seo? Roghnaigh na roghanna ar fad a bhaineann leat, le do thoil
Bonn: Na táirgeoirí príomhúla go léir atá ar an eolas faoin Rialálaí Agraibhia (n=373)

# Aithnítear an Rialálaí go príomha mar chomhlacht forfheidhmithe seachas mar fhoinse faisnéise faoin margadh

Tá formhór na dtáirgeoirí ar an eolas faoi fhreagracht an Rialálaí as soláthraithe a chosaint agus rialacháin a fhorfheidhmiú. Mar sin féin, níl an oiread céanna feasachta ann ar an ról atá aige maidir le trédhearcacht an mhargaidh.

**Tuiscint ar Fheidhmeanna an Rialálaí Agraibhia**





C.4 Roimh an lá inniu, an raibh a fhios agat go bhfuil freagracht ar an Rialálaí Agraibhia as na réimsí seo a leanas
Bonn: Na táirgeoirí príomhúla go léir atá ar an eolas faoin Rialálaí Agraibhia (n=373)

# Tá tuiscint i bhfad níos fearr acu siúd a bhfuil níos eolaí faoin Rialálaí Agraibhia, ar na freagrachtaí atá air

Tá tuiscint níos fearr i gcónaí ag táirgeoirí a bhfuil an-eolas acu faoin Rialálaí Agraibhia, ar na freagrachtaí go léir atá air, go háirithe ar na freagrachtaí a bhaineann le forfheidhmiú agus le cosaint soláthraithe.

**Tuiscint ar an Rialálaí Agraibhia – TÁ × Feasacht ar an Rialálaí Agraibhia**




C.4 Roimh an lá inniu, an raibh a fhios agat go bhfuil freagracht ar an Rialálaí Agraibhia as na réimsí seo a leanas
Bonn: Na táirgeoirí príomhúla go léir atá ar an eolas faoin Rialálaí Agraibhia (n=373); lad siúd nach bhfuil ach beagán eolais acu nó nach bhfuil aon eolas acu (n=294); lad siúd a bhfuil cuid mhaith nó an-chuid eolais acu (n=79)

## Cuid #5


# Idirghníomhú leis an Rialálaí Agraibhia

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

# Tá feasacht ar an bpróiseas gearán rúnda fós teoranta

Tá seans i bhfad níos fearr ann go mbeidh a fhios ag táirgeoirí a bhfuil tuiscint níos fearr acu ar an Rialálaí Agraibhia gur féidir ábhair imní a chur in iúl faoi rún.

**Feasacht ar an bPróiseas Gearán Rúnda**





C.6 An bhfuil a fhios agat go bhfuil próiseas gearán rúnda á fheidhmiú ag an Rialálaí Agraibhia i ndáil leis na Rialacháin maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála?
Bonn: Na táirgeoirí príomhúla go léir atá ar an eolas faoin Rialálaí Agraibhia (n=373)

▲ I bhfad níos airde i gcomparáid leis an iomlán
▼ I bhfad níos ísle i gcomparáid leis an iomlán

# Tá seans níos fearr ann go dtuairisceodh táirgeoirí cleachtas éagórach trádála ná nach dtuairisceodh siad é

Cé go ndúirt 51% gur dócha go ndéanfadh siad gearán, ní bheadh níos mó ná aon trian díobh chomh dóchúil céanna go dtuairisceodh siad fadhb.

**Dóchúlacht go ndéanfaí gearán faoi chleachtas éagórach trádála *(seachas freagraí "Níl a fhios agam")***





C.5 Cosnaítear feirmeoirí, iascairí agus soláthraithe beaga eile táirgí talmhaíochta agus bia ar cheannaitheoirí móra leis na Rialacháin maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála. Déantar an chosaint seo a chur ar fáil trí chosaint ar 16 chleachtas éagóracha trádála ar leith, ar nós íocaíochtaí déanacha, cealuithe ar ghearrfhógra agus athruithe aontaobhacha ar chonarthaí. Dá mbeadh CÉT á chleachtadh i do choinne, cé chomh dóchúil nó chomh neamhdhóchúil is a bheadh sé go gcuirfeá gearán faoi bhráid an Rialálaí Agraibhia?
Bonn: Gach táirgeoir príomhúil, gan na freagraí "Níl a fhios agam" a áireamh (n=448)

# Tá táirgeoirí beagán níos dóchúla treoir a lorg ná gearán a dhéanamh

Tá an dóchúlacht go rachfaí i dteagmháil leis an Rialálaí chun treoir a fháil (55%) i bhfad níos airde ná an dóchúlacht go ndéanfaí gearán foirmiúil (45%, *lena n-áirítear na freagraí "Níl a fhios agam"*). Tugann sé sin le fios go bhféadfadh lorg treorach a bheith ina bhealach níos éasca do dhaoine dul i dteagmháil leis an Rialálaí.

**Dóchúlacht go rachfaí i dteagmháil leis an Rialálaí Agraibhia chun treoir a lorg maidir le CÉT**




C.7 Dá mbeadh tuilleadh faisnéise uait faoi Chleachtais Éagóracha Trádála (CÉTanna), cé chomh dóchúil nó chomh neamhdhóchúil is a bheadh sé go rachfá i dteagmháil leis an Rialálaí Agraibhia chun treoir a fháil?
Bonn: Gach táirgeoir príomhúil (n=501)

# Is dúshlán suntasach fós é feasacht ar an suíomh gréasáin agus ar na deaiseanna a mhéadú, chomh maith le húsáid níos forleithne a spreagadh


Níl ach 9% de na táirgeoirí tar éis cuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin go dtí seo. Mar sin féin, tuairiscíonn formhór na ndaoine a úsáideann na deaiseanna go bhfreastalaíonn na huirlisí ar a gcuid riachtanas.

## Úsáid an tSuímh Ghréasáin agus na nDeaiseanna

**Líon na ndaoine a thug cuairt ar shuíomh gréasáin an Rialálaí Agraibhia**
(n=373, gach duine acu ar an eolas faoin Rialálaí Agraibhia)




**Na deaiseanna earnála a úsáideadh ar shuíomh gréasáin an Rialálaí Agraibhia**
(n=33 duine a thug cuairt ar an suíomh gréasáin)*




**D'fhreastail na deaiseanna ar riachtanais na n-úsáideoirí**
(n=31 úsáideoir deais)




| | |
|---|---|
| a d'fhreagair "Níl a fhios agam / Ní cuimhin liom" | 3% |
| Nár bhain úsáid as aon cheann díobh seo | 3% |

C.8 Tá deaiseanna idirghníomhacha ar shuíomh gréasáin an Rialálaí Agraibhia ina gcuirtear sonraí praghsanna agus margaidh ar fáil maidir le seacht n-earnáil, lena n-áirítear mairteoil, táirgí déiríochta, caoirigh, uibheacha agus éanlaith chlóis, glasraí, torthaí agus gairneoireacht. Ar thug tú cuairt ar an suíomh chun aon chuid den fhaisnéis atá ar fáil ann a fhiosrú nó a úsáid?
Bonn: Na táirgeoirí príomhúla go léir atá ar an eolas faoin Rialálaí Agraibhia (n=373)
C.9 Cé na deaiseanna earnála ar bhain tú úsáid astu ar shuíomh gréasáin an Rialálaí Agraibhia? Roghnaigh na roghanna ar fad a bhaineann leat, le do thoil. Bonn: Na daoine ar fad atá ar an eolas faoin Rialálaí Agraibhia agus a thug cuairt ar a shuíomh gréasáin (n=33)
C.10 Ar fhreastail na deaiseanna earnála ar do chuid riachtanas? Bonn: Gach duine a bhain úsáid as aon cheann de na deaiseanna earnála (n=31) *Rabhadh: Méid beag sampla

## Cuid #6

# Fócas Leanúnach an Rialálaí Agraibhia

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

# Ag Breathnú Chun Cinn: Fócas Leanúnach an Rialálaí Agraibhia

1. Tuiscint níos fearr a chothú i measc táirgeoirí ar fheidhmeanna an Rialálaí
2. Cearta, cosaintí agus tacaíochtaí táirgeoirí a chur chun cinn ar bhealach níos feiceálaí
3. Teagmháil níos dlúithe a chothú trí bhealaí cumarsáide a mbaintear úsáid fhorleathan astu san earnáil talmhaíochta
4. Úsáid níos forleithne a spreagadh ar shuíomh gréasáin, deaiseanna agus acmhainní an Rialálaí

# An Rialálaí Agraibhia
# Agri-Food Regulator

Cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn i slabhra an tsoláthair agraibhia


Campas Bhacastúin
Cill Droichid
Co Chill Dara
Éireann
W23 X3PH

+353 (0)1 601 9900
info@agrifoodregulator.ie
www.agrifoodregulator.ie

agrifoodreg
agri-food-regulator
agrifoodregulator.ie
agrifoodregulator